



Fáilte roimh chách

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theifigh ag teacht go hÉirinn. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléig na ceistanna seo a leanas sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

1. Cad a cheapann sibh faoin ráiteas thíos? Réitígí pointí le haontú agus le heasaontú leis.

‘Is tír fháilteach í Éire’



Fáilte Ireland

cogadh, géarleanúint
reiligiúnach nó
pholaitíochta, sárú ar
chearta an duine, athrú
aeráide – stoirmeacha,
tuilte, triomach.

2. Déanaigí ransú intinne anois ar na cúiseanna a bhíonn ag daoine a dtír dhúchais a fhágáil. Féachaigí ar na focail sa bhlogán smaoinimh chun cuidiú libh. Tugaigí samplaí más féidir.



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

rally:	_____
support:	_____
protest:	_____
being settled:	_____
against racism:	_____
message:	_____
shameful act, deed	_____
choice:	_____
in time of need:	_____
split:	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin? Bí cúramach, áfach; bhí focal amháin ón liosta thuas nach raibh an leagan Gaeilge le cloisteáil sa mhír.
3. Cad atá ar eolas agaibh faoi na téarmaí seo a leanas?

teifeach
imirceach
iarrthóir tearmainn

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Cuirigí na ceistanna thíos ar a chéile.

Duine A

1. Cé mhéad duine a d'fhreastail ar an slógadh i Mainistir Fhear Maí agus cén fáth ar fhreastail siad air?

2. Cé a d'eagraigh an slógadh?

3. Cé mhéad teifeach atá lonnaithe sa bhaile mór?

4. Cad a bhí le rá ag Gus Ó Céilleachair agus ag Triona Ní Shíocháin faoin scéal?

Duine B

- a) Cén fáth a raibh daoine i mbun agóide i Mainistir Fhear Maí an tseachtain roimhe sin?

- b) Cén áit ar lonnaíodh na teifigh ar an mbaile mór?

- c) Cé mhéad duine a bhí ag déanamh agóide taobh amuigh den chlochar?

- d) Cad a bhí le rá ag Tadhg Ó Síocháin agus ag Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin faoin scéal?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach ar shliocht ón script thíos. Tá **naoi** séimhiú fágtha ar lár ann. Scríobh isteach anois iad.

Eimear Ní Chonaola

D'fhreastail suas le 300 duine ar slógadh i Mainistir Fhear Maí i gContae Corcaí inniu le tacaíocht a léiriú agus le fáilte a chur roimh teifigh atá tagtha go dtí an ceantar. Bhí daoine thar a bheith míásásta faoi agóid a bhí ar bun an tseachtain seo caite ar an mbaile inar léiríodh míshástacht faoi teifigh a bheith á lonnú san áit.

Tomás Ó Mainnín

Ba iad an grúpa pobail Mainistir Fhear Maí agus Mala i gcoinne an Ciníochais a d'eagraigh slógadh anseo inniu i Mainistir Fhear Maí. Ba é a dteachtairacht ná go raibh fáilte roimis theifigh agus lucht iarrtha tearmainn sa ceantar seo agus go dtabharfaí tacaíocht an pobail dóibh.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

2: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

a) Bhí na briathra seo thíos le cloisteáil sa mhír ach san aimsir chaite. Breac síos gach leagan a chuala tú.

freastail: _____
léirigh: _____
eagraigh: _____
abair: _____
tarlaigh: _____

b) Anois, cum ceisteanna le cur ar an duine in aice leat ag úsáid na mbriathra thuas. Mar shampla:

Ar fhreastail tú ar shlógadh ar nós an chinn sa mhír? D'fhreastail. / Níor fhreastail.

3: Cruinneas gramadaí + saibhreas teanga (an t-ainm briathartha + scoilt)

a) Téigh go dtí www.tearma.ie agus aimsigh an t-ainm briathartha atá ag an mbriathar 'scoilt'. Líon isteach é sa bhearna thíos.

b) Cad is brí leis an nath cainte seo?

Tá an ghrian ag _____ na gcloch.

E: CUMARSÁID

1: Caint (Díospóireacht)

Bígí ag obair i ngrúpaí agus déanaigí plé le chéile ar phointí in éadan agus i bhfabhar an ráitis thíos:

'Níor cheart glacadh le teifigh in Éirinn nuair atá go leor deacrachtaí sóisialta againn cheana féin'

Mar shampla:

In éadan: Ní féidir linn teifigh a thabhairt isteach mar tá géarchéim thithíochta againn.

I bhfabhar: Tá go leor foirgneamh sa tír agus iad folamh. Ba cheart iad a úsáid.

2: Scríobh

Scríobh deich n-abairt anois a léiríonn na cúiseanna ar fad nár mhaith leat féin do thír dhúchais a thréigean. Mar shampla:

Níor mhaith liom mo chuid cairde agus mo theaghlach a fhágáil i mo dhiaidh.

B'olc liom é a bheith i dtír eile agus gan teanga na tíre sin a bheith agam.



AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola

D'fhreastail suas le 300 duine ar shlógadh i Mainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí inniu le tacaíocht a léiriú agus le fáilte a chur roimh theifigh atá tagtha go dtí an ceantar. Bhí daoine thar a bheith míshásta faoi agóid a bhí ar bun an tseachtain seo caite ar an mbaile inar léiríodh míshástacht faoi theifigh a bheith á lonnú san áit.

Tomás Ó Mainnín

Ba iad an grúpa pobail Mainistir Fhear Maí agus Mala i gcoinne an Chiníochais a d'eagraigh slógadh an lae inniu anseo i Mainistir Fhear Maí. Ba é a dteachtaireacht ná go raibh fáilte roimis¹ theifigh agus lucht iarrtha tearmainn sa cheantar seo agus go dtabharfaí tacaíocht an phobail dóibh. Eagraíodh slógadh an lae inniu anseo tar éis eachtra a tharla anseo i Mainistir Fhear Maí an tseachtain seo caite. Dé Céadaoin seo a d'imigh tharainn bhí grúpa teifeach á athlonnú go dtí Clochar Naomh Seosamh anseo sa bhaile ach eagraíodh agóid ag léiriú míshástacht le teifigh a bheith á lonnú anseo. Tá suas le 60 teifeach lonnaithe le seachtain san iarchlochar, 25 leanbh ina measc sin. Bhí suas le 70 duine i mbun agóide lasmuigh den ionad agus na teifigh á lonnú ann. Gníomh náireach a dúradh anseo inniu, nach n-aontaíonn mórán de phobal na háite leis.

Gus Ó Céilleachair, Mainistir Fhear Maí

Is ó Mhainistir Fhear Maí mise, agus na *refugees* atá tagtha anseo, níl aon *choice* acu agus tá fáilte rompu inár measc anseo.

Tadhg Ó Síocháin, Bántír, Contae Chorcaí

Ba cheart déanamh amach gur mhaith le muintir Mhainistir Fhear Maí fáilte a chur roimh na daoine atá tagtha chugainn agus díreach lena chur in iúl dóibh siúd go bhfuil fáilte rompu againne.

Triona Ní Shíocháin, Mainistir Fhear Maí

Táimid anseo mar go bhfuil sé chomh tábhachtach fáilte a chur roimis gach éinne agus in am an ghátair go seasfaimid le daoine eile a bhfuil an saol tar éis dul ina gcoinne agus go dtuigeann siad go bhfáilteofar rompu i gcónaí i Mainistir Fhear Maí, cuma cad as dóibh.

Tomás Ó Mainnín

Cad a cheapann sibh faoin méid a tharla an tseachtain seo caite anseo?

Triona Ní Shíocháin, Mainistir Fhear Maí

Tá sé náireach.

Gormlaith Ní Shíocháin Ní Bheoláin, Mainistir Fhear Maí

Ní aontaímid leis.

Amhlaoibh Ó Síocháin Ó Beoláin, Mainistir Fhear Maí

Agus níl siad ach ag iarraidh scoilt a chruthú sa phobal. Táimid ar fad le chéile sa bhaile seo mar phobal mór amháin.

Tomás Ó Mainnín

Cé go ndein² grúpa beag iarracht cur isteach ar shlógadh an lae inniu, dúradh leo sin nach raibh aon fháilte rompu féin ná a dteachtaireacht neamhfháilteach roimis theifigh sa cheantar seo. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Mainistir Fhear Maí.

¹ roimis = leagan canúnach de 'roimh'

² go ndein = leagan canúnach de 'go ndearna'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Roinn an rang i mbeirteanna agus abair leo go mbeidh siad ag plé na habairte ‘Is tír fháilteach í Éire’. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus iad ag caint, agus cuidigh leo más gá. Tá sé tábhachtach go mbeidh na grúpaí ar fad ag déanamh plé ar an dá thaobh den scéal. Má tá an t-am agat, is féidir leat iarraidh ar fhoghlaimoir amháin pointe i bhfabhar na habairte a sholáthar don rang. Mar shampla: *Deir Éireannaigh ‘hello’ le gach duine ar an tsráid.* Agus ansin is féidir leat iarraidh ar fhoghlaimoir eile easaontú leis an bpointe deireanach. Mar shampla: *B’fhéidir go bhfuil siad cairdiúil ach is annamh a thugtar cuireadh duit isteach i dteach duine éigin.* Agus mar sin ar aghaidh.

Abair leo na focail sa bhogán smaoinimh a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an cúiseanna a theitheadh daoine as a dtír dhúchais. Mar shampla: *Tá daoine ag fágáil na hÚcráine mar tá cogadh ar siúl.*

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

rally	slógadh
support	tacaíocht
protest	agóid
being settled	á lonnú
against racism	i gcoinne an chiníochais
message	teachtaireacht
shameful act, deed	gníomh náireach
choice	rogha
in time of need	in am an ghátair
split	scoilt

2. Tabhair deis do na foghlaimoirí na focail a d’aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír. Baineadh úsáid as an leagan Béarla den fhocal ‘rogha’ sa mhír.

3. Féach:

Teifigh (refugees)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu.
Lucht iarrtha tearmainn (asylum seekers)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais féin toisc go bhfuil a saol i mbaol nó toisc go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu. Bíonn na daoine seo ag lorg tearmainn i dtíortha eile ach ní ‘teifigh’ iad go fóill.
Imircigh (migrants)	Daoine a fhágann a dtír dhúchais chun saol níos fearr a bheith acu i dtír eile.

C: TUISCINT

Cuir gach beirt ina suí le chéile. Mínigh dóibh gur duine A duine amháin acu agus duine B an duine eile. Caithfidh duine A na ceisteanna faoi ‘Duine A’ a chur ar dhuine B agus caithfidh duine B na ceisteanna faoi ‘Duine B’ a chur ar dhuine A.

Fáilte roimh chách

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach:

Eimear Ní Chonaola

D'fhreastail suas le 300 duine ar shlógadh i Mainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí inniu le tacaíocht a léiriú agus le fáilte a chur roimh theifigh atá tagtha go dtí an ceantar. Bhí daoine thar a bheith míshásta faoi agóid a bhí ar bun an tseachtain seo caite ar an mbaile inar léiríodh míshástacht faoi theifigh a bheith á lonnú san áit.

Tomás Ó Mainnín

Ba iad an grúpa pobail Mainistir Fhear Maí agus Mala i gcoinne an Chhíochais a d'eagraigh slógadh anseo inniu i Mainistir Fhear Maí. Ba é a dteachtairacht ná go raibh fáilte roimis theifigh agus lucht iarrtha tearmainn sa cheantar seo agus go dtabharfaí tacaíocht an phobail dóibh.

2: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

a) Féach:

freastail:	<i>D'fhreastail</i>
léirigh:	<i>Léiríodh</i>
eagraigh:	<i>D'eagraigh / eagraíodh</i>
abair:	<i>Dúradh</i>
tarlaigh:	<i>a tharla</i>

b) Samplaí eile:

Ar fhreastail tú ar shlógadh ar nós an chinn sa mhír? D'fhreastail. / Níor fhreastail.
Ar léiríodh dráma na scoile go fóill i mbliana? Léiríodh. / Níor léiríodh.
Ar eagraigh tú cóisir mhór riamh? D'eagraigh. / Níor eagraigh.
Ar eagraíodh dinnéar na Nollag fós? Eagraíodh. / Níor eagraíodh.
An dúradh leat gur cuireadh an rang ar ceal? Dúradh. / Ní dúradh.
Ar tharla aon ní spéisiúil le linn an chluiche? Tharla. / Níor tharla.

3: Cruinneas gramadaí + saibhreas teanga (an t-ainm briathartha + scoilt)

Tá an ghrian ag scoilteadh na gloch.

Cumarsáid

1: Caint

Abair leis na grúpaí plé a dhéanamh ar na pointí ar fad in éadan agus i bhfabhar an ráitis. Tabhair go leor ama dóibh an chaint a dhéanamh le chéile. Bí ar fáil chun cuidiú leo. Pléigh na pointí ar fad leis an rang iomlán. Is féidir díospóireacht a eagrú má tá an t-am agat.

2: Scríobh

Abair leo deich n-abairt a scríobh faoi na cúiseanna nár mhaith leo féin a dtír a thréigean.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil
Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad
na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscoláilochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

